



---

*Uimhir 22 de 1991*

---

**An tAcht um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1991**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---





---

*Uimhir 22 de 1991*

---

**AN tACHT UM THRÁDÁIL AGUS MARGAÍOCHT  
A SPREAGADH, 1991**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.
4. Caiteachais.

CUID II

AN BORD TRÁCHTÁLA — THE IRISH TRADE BOARD

5. Ainm agus séala an Bhoird.
6. Feidhmeanna an Bhoird.
7. Treoracha beartais.
8. Deontais neamh-inaisíoctha don Bhord a mhéadú.
9. Comhdhéanamh an Bhoird.
10. Faisnéis a nochtadh.
11. Comhaltas de Pharlaimint na hEorpa.

CUID III

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

12. Comhairle Earraí Éireann a dhíscaoileadh.
13. Foireann a aistriú.
14. Maoin a aistriú.

[Uimh. 22.]

*An tAcht um Thrádáil agus  
Margaíocht a Spreagadh, 1991.*

[1991.]

15. Cearta agus dliteanais a aistriú agus leanúint d'imeachtaí atá ar feitheamh.

---

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

|                                                   |                |
|---------------------------------------------------|----------------|
| An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 | 1977, Uimh. 30 |
| An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984 | 1984, Uimh. 6  |
| An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959          | 1959, Uimh. 20 |
| An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1963  | 1963, Uimh. 20 |
| An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1983  | 1983, Uimh. 4  |



---

*Uimhir 22 de 1991*

---

**AN tACHT UM THRÁDÁIL AGUS MARGAÍOCHT  
A SPREAGADH, 1991**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO CHÓNASCADH FEIDHMEANNA CHÓRAS  
TRÁCHTÁLA AGUS CHOMHAIRLE EARRAÍ ÉIREANN IN AON  
CHOMHLACHT AMHÁIN AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I  
dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [16 *Iúil*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**CUID I**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

**1.**—(1) Féadfar an tAcht um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1991, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

(2) Forléireofar an tAcht seo agus na hAchtanna um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959 go 1987, mar aon Acht amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1959 go 1991, a ghairm de na hAchtanna um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959 go 1987, agus den Acht seo le chéile.

**2.**—(1) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas alt 8, i ngníomh an chéad lá de Mheán Fómhair, 1991. Tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh alt 8 den Acht seo i ngníomh ar dháta an Achta seo a rith.

Léiriú.

**3.—San Acht seo—**

ciallaíonn “an Bord” an comhlacht dá dtugtar an teideal “An Bord Tráchtála - The Irish Trade Board” le halt 5 den Acht seo;

ciallaíonn “an comhlacht díscailte” Comhairle Earraí Éireann a dhíscailtear le halt 12 den Acht seo;

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Tionscail agus Tráchtála.

Caiteachais.

**4.—**Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riar an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID II

## AN BORD TRÁCHTÁLA — THE IRISH TRADE BOARD

Ainm agus séala an Bhoird.

**5.—(1)** Tabharfar An Bord Tráchtála - The Irish Trade Board ar an gcomhlacht ar ar tugadh Córas Tráchtála go dtí seo.

(2) Féadfaidh an Bord séala nua a chur ar fáil dó féin.

Feidhmeanna an Bhoird.

**6.—(1)** Déanfaidh an Bord, ar aon mhodh a mheasann an Bord is gá nó is inmhianaithe, margaíocht earraí Éireannacha agus cibé seirbhísí a shonraíonn an tAire le hordú a spreagadh agus a fhorbairt agus cabhróidh sé leis an gcéanna.

(2) Féadfaidh an tAire le hordú aon ordú a bheidh déanta aige faoin alt seo, lena n-áirítear an fo-alt seo, a chúlghairm nó a leasú.

(3) Beidh sé de dhualgas ar an mBord comhairle a chur ar an Aire i dtaobh nithe a fhearann ar fheidhmeanna an Bhoird nó atá bainteach ar aon slí leis na feidhmeanna sin.

(4) Beidh na cumhachtaí sin go léir ag an mBord is gá chun críocha a fheidhmeanna.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht na bhfo-alt sin roimhe seo agus i dteannta na gcumhachtaí a thugtar don Bhord le haon fhoráil eile den Acht seo, beidh cumhacht ag an mBord—

- (a) aon tailte nó foirgnimh sa Stát nó in áit eile agus aon eastát nó leas in aon tailte nó foirgnimh den sórt sin agus aon chearta atá bainteach leo a cheannach, a thógáil ar léas nó ar malairt, nó a fháil ar shlí eile,
- (b) cur isteach ar aon trádmharcanna, ceadúnais, cosaintí nó lamháltais agus iad a fháil, sa Stát nó in áit eile, agus, i ndáil leis sin, na nithe sin go léir a dhéanamh a mheasann an Bord is gá nó is inmhianaithe chun críocha a fheidhmeanna,
- (c) diúscairt a dhéanamh ar aon tailte nó foirgnimh a shealbhaíonn an Bord agus ar dóigh leis an mBord nach bhfuil siad ag teastáil ón mBord a thuilleadh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(6) I gcás go ndéanfaidh an Bord margaíocht aon earraí nó seirbhísí a bhfeidhmíonn Aire aon fheidhm ina leith a spreagadh nó a fhorbairt nó cabhrú leis an gcéanna, gníomhóidh an Bord i gcomhairle leis an Aire sin.

(7) Aon ordú faoi alt 4(1)(a) den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959, arna leasú leis an Acht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1983, a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm agus measfar gur ordú arna dhéanamh faoin alt seo é.

(8) Aisghairtear leis seo alt 4 den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959.

7.—(1) Féadfaidh an tAire cibé treoracha beartais ginearálta is cuí leis, ag féachaint d'fhorálacha an Achta seo, a thabhairt don Bhord. Treoracha beartais.

(2) Cuirfidh an tAire faoi deara aon treoir a thabharfaidh sé faoi fho-alt (1) den alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 21 lá tar éis í a bheith tugtha amhlaidh.

(3) Déanfaidh an Bord de réir gach treorach a thabharfar dó faoin alt seo agus leagfaidh sé an treoir amach ina thuarascáil bhliantúil agus áireoidh sé ina thuarascáil bhliantúil cuntas ar na bearta a bheidh déanta aige chun éifeacht a thabhairt don treoir.

Deontais neamh-  
inaisíoctha don Bhord  
a mhéadú.

**8.**—Ní mó ná £400,000,000 méid comhiomlán na suimeanna a fhéadfaidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais a íoc leis an mBord chun a chumasú dó a fheidhmeanna a fheidhmiú nó a chomhlíonadh (gan aon suim arna híoc leis an mBord faoi alt 4 den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1963, a áireamh) agus, dá réir sin, forléireofar alt 16 (1) den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959, arna leasú, amhail is dá gcuirfí an tsuim sin in ionad na suime atá luaite san alt sin.

Comhdhéanamh an  
Bhoird.

**9.**—(1) Triúr comhalta ar a laghad agus ochtar comhalta ar a mhéid a bheidh ar an mBord, a mbeidh duine acu ina chathaoirleach ar an mBord.

(2) Aisghairtear leis seo alt 5(1) den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959.

Faisnéis a nochtadh.

**10.**—(1) Ní nochtfaidh duine, gan toiliú an Bhoird, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí, aon fhaisnéis a fuair sé agus é ag comhlíonadh dualgas mar chomhalta den Bhord nó mar oifigeach nó seirbhíseach don Bhord nó mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir don Bhord.

(2) Beidh duine a sháróidh fo-alt (1) den alt seo ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 a chur air.

Comhaltas de  
Pharlaimint na  
hEorpa.

**11.**—(1) Más rud é, i gcás comhalta den Bhord—

(a) go n-ainmneofar é mar iarrthóir lena thoghadh chun Parlaimint na hEorpa, nó

(b) go measfar, de bhun alt 15 (a cuireadh isteach le hAcht 1984) d'Acht 1977, é a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé air sin de bheith ina chomhalta den Bhord.

(2) I gcás go dtiocfaidh oifigeach nó seirbhíseach don Bhord chun bheith ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh feidhm ag alt 14 den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959, maidir leis amhail mar atá feidhm aige maidir le duine a thagann chun bheith ina chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas.

(3) Duine is comhalta de Pharlaimint na hEorpa beidh sé, fad a bheidh sé ina chomhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta den Bhord nó ina oifigeach nó ina sheirbhíseach don Bhord.

(4) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 1977” an tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977;

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984.

### CUID III

#### FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

**12.**—Díscaoiltear leis seo Comhairle Earraí Éireann (“an comhlacht díscaoilte”), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici. Comhairle  
Earraí Éireann a  
dhíscaoileadh.

**13.**—Aon duine a bhí, díreach roimh dhíscaoileadh an chomhlachta díscaoilte, ina oifigeach nó ina sheirbhíseach don chomhlacht díscaoilte, tiocfaidh sé chun bheith agus beidh sé, ar thosach feidhme an ailt seo, ina oifigeach nó ina sheirbhíseach don Bhord ar théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar ná na cinn a bhain leis an duine sin díreach roimh an tosach feidhme sin. Foireann a aistriú.

**14.**—(1) Ar thosach feidhme an ailt seo beidh an mhaoín go léir, lena n-áirítear ábhair i gcaingean, ar mhaoín de chuid an chomhlachta díscaoilte í díreach roimh an tosach feidhme sin, dílsithe don Bhord gan aon tíolacas ná sannadh. Maoín a aistriú.

(2) Gach ábhar i gcaingean a aistrítear le fo-alt (1) den alt seo chuig an mBord, féadfaidh an Bord agairt ina leith agus é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm féin agus ní gá don Bhord fógra faoin aistriú a dhéantar leis an bhfo-alt sin a thabhairt don duine a bheidh faoi cheangal ag an ábhar i gcaingean.

**15.**—(1) Ar thosach feidhme an ailt seo beidh gach ceart agus dlíteanas de chuid an chomhlachta díscaoilte arna aistriú chuig an mBord. Cearta agus dlíteanas  
a aistriú agus leanúint  
d’imeachtaí atá ar  
feitheamh.

(2) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear le fo-alt (1) den alt seo chuig an mBord, féadfar agairt ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ag an mBord, nó i gcoinne an Bhoird, ina ainm féin agus ní gá don Bhord fógra faoin aistriú sin a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a dhliteanas leis an alt seo.

(3) Na himeachtaí dlí go léir a bhí ar feitheamh díreach roimh thosach feidhme an ailt seo agus ar pháirtí iontu an comhlacht díscailte, leanfar díobh ach an Bord a chur in ionad an chomhlachta dhíscailte.